Fermanagh & Omagh District Council
Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí

Ainm an Chláir	**Seachtain na Gaeilge 2027**
Dátaí an Chláir	**Clúdaíonn an maoiniú an tréimhse: 1 Márta 2027 – 17 Márta 2027**
Cur Síos Achomair	Is í Seachtain na Gaeilge an fhéile Ghaeilge is mó ar domhan ina ndéantar ceiliúradh ar theanga agus ar oidhreacht na hÉireann, agus bíonn imeachtaí móra ar siúl gach bliain i dtíortha éagsúla. Tá Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí ag iarraidh ar ghrúpaí pobail cur isteach ar mhaoiniú suas le £300 le himeachtaí a reáchtáil le linn Sheachtain na Gaeilge 2027. Tá an Chomhairle ag iarraidh moltaí ar imeachtaí a ardaíonn feasacht faoin Ghaeilge agus a chuireann borradh faoina húsáid ar bhealaí cruthaitheacha tarraingteacha. **Caithfear na himeachtaí a reachtáil le linn Sheachtain na Gaeilge 1 Márta 2027 – 17 Márta 2027.**
Critéir a bhaineann go sainiúil leis an Chlár	Is é an sainmhíniú ar imeacht atá ag Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí: *"Ócáid agus gníomhaíocht eagraithe speisialta, a bhfuil fad teoranta léi, a thugann daoine le chéile chun páirt a ghlacadh, go príomha, in eispéireas pobail, cultúrtha, fóillíochta, spóirtúil, ealaíonta nó siamsaíochta ar ardú meanman é."* Caithfidh imeachtaí Sheachtain na Gaeilge a bheith dírithe ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: • feasacht a ardú faoin Ghaeilge • tuiscint níos fearr ar an Ghaeilge a chur chun cinn • deiseanna a chur ar fáil an Ghaeilge a fhoghlaim agus/nó a úsáid. Seo roinnt samplaí d'imeachtaí, ach ní liosta le háireamh é: • Imeachtaí/Gníomhaíochtaí foghlama Gaeilge agus/nó feasachta Gaeilge; • acmhainní foghlama agus oideachasúla a chruthú, bíodh siad i bhfoirm dhigiteach nó chlóite; • léachtaí, cainteanna nó léirithe i nGaeilge nó fúithi; • imeachtaí/gníomhaíochtaí drámaíochta/taibhléirithe i nGaeilge nó fúithi; • scéalaíocht agus/nó léamha filíochta i nGaeilge nó fúithi; • imeachtaí le húdair nó scríbhneoirí a léiríonn bunsaothar an údair faoin Ghaeilge nó fúithi agus/nó a léiríonn oidhreacht liteartha na Gaeilge; • imeachtaí sa scríbhneoireacht chruthaitheach i nGaeilge nó fúithi; • ábhar digiteach, lena n-áirítear ábhar fuaime, físe agus/nó ilmheáin i nGaeilge ar féidir a roinnt ar an ghréasán, ar na meáin shóisialta agus ar ardáin eile. **Srianta leis an mhaoiniú:** • Caithfidh oidí/éascaitheoirí teacht ón taobh amuigh den eagraíocht agus is é £25 in aghaidh na huaire an t-uasmhéid a íocfar leo.

- Ní bhronnfar ach uasmhéid 20% den leithdháileadh maoinithe ar íoc as sóláistí.
- Caithfidh an Ghaeilge a bheith lárnach san imeacht. Is féidir le himeachtaí bheith dátheangach.
- **Caithfidh** na himeachtaí a bheith ar siúl i gceantar Chomhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí.
- **Caithfidh** na himeachtaí a bheith ar siúl sa tréimhse 1-17 Márta 2027.
- Níl imeachtaí Lá Fhéile Pádraig incháilithe.

Imeachtaí agus nithe NACH FÉIDIR a mhaoiniú:

- **Imeachtaí Lá Fhéile Pádraig**
- Iarratais chúlghabhálacha
- Imeachtaí nó gníomhaíochtaí don tiomsú airgid
- Cíos ar áiseanna ar leis an eagraíocht féin iad – níl cead ag grúpaí íoc as a gcuid áiseanna féin agus sin a éileamh ar ais
- Imeachtaí aitheantais
- Costais chaipitil
- Costais trealaimh
- Costais tuarastail

Critéir Scórála

Caithfidh iarrthóirí eolas a chur ar fáil faoin imeacht atá beartaithe – dáta/am/gníomhaíocht agus an dóigh a léiriú a gcuirfidh an t-imeacht go dearfach le feiceálacht na Gaeilge agus le tuiscint uirthi ina bpobal féin.
Gaeilge a cheiliúradh agus a chur i lár an aonaigh - Inis dúinn cén dóigh a gcuirfidh d'imeacht le deiseanna leis an Ghaeilge a spreagadh sa saol laethúil agus lena feiceálacht ar fud an cheantair.

Bain úsáid as na leideanna seo le freagra iomlán a thabhairt:

- Cén dóigh a mbeidh an Ghaeilge lárnach i d'imeacht?
  1. feasacht a thógáil faoin Ghaeilge
  2. tuiscint níos fearr a chur ar fáil ar an Ghaeilge
  3. deiseanna a chur ar fáil an Ghaeilge a fhoghlaim agus/nó a úsáid.

	Scór ar fáil	**Scór bronnta**
Sochair, Deiseanna agus Ionchuimsitheacht		
Mioneolas faoin dóigh a gcuirfidh an t-imeacht le feasacht faoin Ghaeilge, a gcuirfidh sé tuiscint chun cinn agus deiseanna an Ghaeilge a fhoghlaim agus/nó a úsáid.	8-10	
Roinnt eolais faoin dóigh a gcuirfidh an t-imeacht le feasacht faoin Ghaeilge, a gcuirfidh sé tuiscint chun cinn agus deiseanna an Ghaeilge a fhoghlaim agus/nó a úsáid	4-7	
Beagán eolais faoin dóigh a gcuirfidh an t-imeacht le feasacht faoin Ghaeilge, a gcuirfidh sé tuiscint chun cinn agus deiseanna an Ghaeilge a fhoghlaim agus/nó a úsáid	0-3	

<table>
<tr><td></td><td>Déanfar na hiarratais a scóráil agus a rangú. Sa chás go bhfaighidh iarratais scór os cionn na tairsí 60%, déanfar iad a chur in ord de réir scóir. Gheobhaidh na tionscnaimh a sháraíonn an tairseach maoiniú agus déanfar fuílleach an mhaoinithe a leithdháileadh ar na tionscaimh is airde rang ina dhiaidh sin, go dtí go mbeidh deireadh an mhaoinithe sroichte.

<table>
<tr><th>Critéir</th><th>Scór ar fáil</th><th>Luach Ualaithe</th><th>Scór Ualaithe</th><th>Scór Bronnta</th></tr>
<tr><td>1. Léiriú ar an Riachtanas</td><td>10</td><td>X10</td><td>100</td><td></td></tr>
<tr><td>SCÓR IOMLÁN:
(Tairseach 60%)</td><td></td><td></td><td>100</td><td></td></tr>
</table>

Ar bhonn discréide, aon-uaire a thabharfar gach deontas, agus ní mór an deontas céanna a chaitheamh ar an tionscnamh faofa a chur ar siúl, mar a mhionsonraítear sa Litir Thairisceana faoin 17 Márta 2027.</td></tr>
<tr><td>Méid an Deontais</td><td>Is é £300 an méid is mó atá ar fáil de dheontas.

Tá Cabhair Dheontais Sheachtain na Gaeilge faoi réir ag an mhaoiniú bheith ar fáil.</td></tr>
<tr><td>Réimse Seirbhíse atá Freagrach</td><td>Stiúrthóireacht an Phobail agus na Folláine</td></tr>
<tr><td>Sonraí Teagmhála le haghaidh tacaíochta d’iarrthóirí</td><td>Cuirfear fáilte roimh iarrthóirí a smaointe i dtaca le tionscadail a phlé leis an Oifigeach Gaeilge.

Teileafón: Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí - 0300 303 1777
Ríomhphost: gaeilige@fermanaghomagh.com</td></tr>
</table>

Fermanagh & Omagh District Council
Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí

Name of the Programme	**Seachtain na Gaeilge 2027**
Programme Dates	**Funding covers the period: 1 March 2027 – 17 March 2027**
Brief Description	Seachtain na Gaeilge is the largest Irish Language festival in the world celebrating the native language and heritage of Ireland, with great events taking place across different countries every year. Fermanagh and Omagh District Council invites community groups to apply for funding of up to £300 to hold events during Seachtain na Gaeilge 2027. The Council welcomes proposals for events that raise awareness and use of the Irish Language in creative and engaging ways. **Events must take place during Seachtain na Gaeilge 1 March 2027 – 17 March 2027.**
Programme Specific Criteria	Fermanagh and Omagh District Council defines an event as: *"An organised special occasion and activity of limited duration that brings people together for the primary purpose of participating in an uplifting community, cultural, recreational, sporting, artistic or entertaining experience".* Events for Seachtain na Gaeilge must focus on one or more of the following: • raise awareness of the Irish Language • promote greater understanding of the Irish Language • offer opportunities to learn and/or use the Irish Language. Examples of events include, but are not limited to: • Irish language learning and/or language awareness events/activities; • language learning and educational resources, both digital and/or printed publications; • lectures, talks, or presentations in or about Irish language; • drama and/or performance events/activities in or about Irish Language • storytelling and/or poetry readings in or about Irish language; • author or writer-led events which showcase the author's original work in or about the Irish Language and/or which explore the Irish Language literary tradition; • creative writing events in or about the Irish Language; • digital content, including audio, video, and/or multimedia content in or about the Irish Language which can be shared on the web, social media and other platforms. **Funding constraints:** • Tutors/Facilitators must be external to the organisation and capped at £25 maximum p/hr. • Refreshments will only be awarded up to a maximum of 20% of grant aid allocation. • Irish Language must be central to the event. Events can be bilingual.

<table>
<tr><td></td><td>

Events must take place in the Fermanagh and Omagh District Council area.
Events must take place between 1-17 March 2027.
St Patrick’s Day events are not eligible.

Activities and items that can NOT be funded:

St Patrick’s day events
Retrospective applications.
Fundraising events or activities.
Organisations own facility hire - groups cannot claim for and pay for the use of their own facilities
Recognition events
Capital costs
Equipment costs
Salary costs

</td></tr>
<tr><td>Scoring Criteria</td><td>
Applicants must provide information on the proposed event – date/time/event activity and demonstrate how the event will make a positive contribution to the visibility and appreciation of Irish Language in their community.
Celebrate and Centre Irish - Tell us how your event will provide opportunities to encourage use of Irish Language in daily life and increase visibility across the district.

Use these prompts to provide a complete answer:

How will your event centre the Irish Language?

raise awareness of the Irish Language
promote greater understanding of the Irish Language
offer opportunities to learn and/or use the Irish Language.

<table>
<tr><th></th><th>Score Available</th><th>Score Awarded</th></tr>
<tr><td>Benefits, Opportunities and Inclusion

Detailed information on how the event will raise awareness of Irish, promote understanding and offer opportunities to learn and/or use the Irish Language.

Some information on how the event will raise awareness of Irish, promote understanding and offer opportunities to learn and/or use the Irish Language.

Limited information on how the event will raise awareness of Irish, promote understanding and offer opportunities to learn and/or use the Irish Language.</td><td>8-10

4-7

0-3</td><td></td></tr>
</table>
Applications will be scored and placed in ranking order. Where applications exceed the 60% threshold, they will be ranked in score order. The projects that exceed the threshold will be allocated funding with remaining funds
</td></tr>
</table>

<table>
<tr><td></td><td>allocated to the next highest ranked projects, until funding has been expended.

<table>
<tr><th>Criteria</th><th>Score Available</th><th>Weighted Value</th><th>Weighted Score</th><th>Score Awarded</th></tr>
<tr><td>1. Demonstration of Need</td><td>10</td><td>X10</td><td>100</td><td></td></tr>
<tr><td>TOTAL SCORE:
(Threshold 60%)</td><td></td><td></td><td>100</td><td></td></tr>
</table>

All grants are discretionary, awarded on a one-off basis and must be spent on the delivery of the approved project as detailed in the Letter of Offer by 17 March 2027.</td></tr>
<tr><td>Grant Amount</td><td>Maximum grant available £300

Seachtain na Gaeilge Grant Aid is subject to funding availability.</td></tr>
<tr><td>Responsible Service Area</td><td>Community & Wellbeing Directorate</td></tr>
<tr><td>Contact Information for applicant support purposes</td><td>Applicants are encouraged to discuss project ideas with the Irish Language Officer.

Telephone: Fermanagh and Omagh District Council - 0300 303 1777
Email: gaeilige@fermanaghomagh.com</td></tr>
</table>